

## An Garda Síochána



### Ráiteas Beartais Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde

Aithním go bhfuil tábhacht bhunúsach le bainisteoireacht sábháilteachta, sláinte agus folláine chun an tseirbhís a chuireann An Garda Síochána ar fáil a fheabhsú go leanúnach, os rud é go bhfuil dlúthbhaint ag caighdeán na seirbhíse le soláthar timpeallachta oibre sábháilte agus le hoibriú córais sábháilte. Déanaim mo dhícheall chun an cháilíocht agus an tsábháilteacht a fheabhsú, agus aithním agus glacaim le mo fhreagrachtaí i dtaca le sábháilteacht, sláinte agus folláine.

Táim tiomanta do riosca do shláinte agus do shábháilteacht fhostaithe an Gharda Síochána, Gardaí faoi Oiliúint, Cúltacaí an Gharda Síochána agus an phobail a ndéanann ár ngníomhaíochtaí difear dóibh a íoslaghdú, ag féachaint d'fheidhmeanna an Gharda Síochána, agus do chosc a chur ar thimpistí agus ar dhrochshláinte a thagann chun cinn i ngníomhaíochtaí an Gharda Síochána a mhéid is indéanta le réasún. Chun é seo a bhaint amach, comhlíonfaidh an Garda Síochána ceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, fo-rialacháin agus an tAcht Seirbhísí Dóiteáin, 1981/2003.

Cinntoidh mé, mar Choimisinéir, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair gach fostaí, Garda faoi Oiliúint agus Cúltaca an Gharda Síochána sa Gharda Síochána. Déantar an fhreagracht sin a tharmligean chuig agus a roinnt ar na daoine seo a leanas: an Leas-Choimisinéir; an Leas-Choimisinéir Gníomhach; an Príomhoifigeach Riaracháin; gach Coimisinéir Cúnta; gach Stiúrthóir Feidhmiúcháin; na hArd-Cheannfoirt go léir; Ceannfoirt atá i gceannas ar Aonaid/Rannóga i gcás nach bhfuil aon Ard-Cheannfort ceaptha; Stiúrthóir Cumarsáide; Stiúrthóir Acmhainní Daonna Sibhialta; Ceann Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána; Ceann Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána; Ceann na Seirbhísí Díl; Ceann Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána; Ceann Bainistíochta Eastáit; Ceann Fála Tallainne; An tOifigeach Cosanta Sonraí agus an Príomhoifigeach Leighis. Déanfar an fhreagracht seo a tharmligean chuig an ngrád/céim chuí sa chás go bhfuil folúntas in aon cheann de na poist thuas.

Tá gach freagracht tharmligthe leagtha amach go soiléir faoi bheartais sábháilteachta an Gharda Síochána agus faoi ráitis sábháilteachta san ionad oibre i gcomhréir le halt 8(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá na beartais mhionsonraithe agus na treoir-dhoiciméid ar fáil ar Thairseach an Gharda Síochána. Is é aidhm an Gharda Síochána comhlíonadh a bhaint amach, rioscaí a mheas, riosca a dhíchur, a íoslaghdú agus a bhainistiú ar bhealach inghlactha a mhéid is indéanta le réasún. Ina theannta sin, tá ról suntasach le himirt ag fostaí an Gharda Síochána maidir le aire a thabhairt dá sábháilteacht féin agus comhoibriú go hiomlán agus go gníomhach chun an beartas seo a chur i bhfeidhm go rathúil. Tabharfar comhoibriú iomlán do gach duine a dhéanann ról sábháilteachta reachtúla thar ceann an Gharda Síochána ag gach duine laistigh den Gharda Síochána i gcónaí.

Tá gach ceann de na bainisteoirí tarmligthe thuas freagrach agus cuntasach as:

- Sláinte agus sábháilteacht cheirde a bhainistiú agus a sheoladh go réamhghníomhach sna réimsí agus sna gníomhaíochtaí atá faoina rialú.
- Comhlíonadh bheartas sábháilteachta an Gharda Síochána agus na rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair a rialaíonn a gcuid oibre agus obair fhostaithe an Gharda Síochána atá faoina smacht a bhaint amach.
- Sábháilteacht, sláinte agus leas fhostaithe an Gharda Síochána agus an phobail a ndéanann ár ngníomhaíochtaí difear dóibh a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún.
- Acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus acmhainní eile a chur ar fáil don mhéid thuas a mhéid is indéanta le réasún.
- A chinntiú go gcuirfead téarmaí an ráitis sábháilteachta i ngach ionad oibre in iúl do gach fostaí agus duine eile a bhféadfadh sé difear a dhéanamh dóibh.

Beidh bainisteoirí ag gach leibhéal den eagraíocht freagrach agus cuntasach as ceannaireacht infheicthe agus réamhghníomhach maidir leis an mbeartas seo a chur i bhfeidhm.



J.A. HARRIS  
COMMISSIONER  
AN GARDA SÍOCHÁNA

28 May 2020

*An Garda Síochána: Ag Coinneáil Daoine Sábháilte – Keeping People Safe*